# IN AM AN CLUICHE A ATHRÚ

STRAITÉIS FAI
2026-2029



**Buncrana Hearts vs. Salthill Devon**
Páirc an Chaisleáin, Bun Crannchа, Dún na nGall

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

**Cuirimid ar fad dea-thoradh ar pháirc na himeartha romhainn,** ach ní de sheans a tharlaíonn a leithéid. Ní mór athruithe ciallmhara a dhéanamh maidir le **hÁiseanna,** le **Forbairt na Peile**, agus le **Sraith na hÉireann** d'fhonn an bonn ceart a chur faoi éiceachóras peile a n-eascróidh dea-thoradh uaidh ar gach leibhéal faoi leith.

## AISLING:

**Spreagadh an náisiúin agus cónascadh an phobail.**

## MISEAN:

**Éiceachóras féinchothaitheach a chur le chéile ar mhaithe le todhchaí Pheil na hÉireann.**

## CUSPÓIR:

**Cur le saol an uile dhuine trí leas a bheith acu as eispéiris thairbheacha peile.**

## 1. TREISIÚ LEIS NA CRAINN TACA

### ÁISEANNA

Áiseanna a chothaíonn rannpháirtíocht agus torthúlacht ar gach leibhéal.

### FORBAIRT PEILE

Feabhas ar chaighdeán agus shásamh an uile dhuine.

### SRAITH NA HÉIREANN


Tionscal peile a chothú go fadmharthanach.

### FONDÚIREACHT DHOMHANDA PHEIL NA HÉIREANN

### PLEAN CHONAIR NA PEILE

### ACADAIMH SHRAITH NA HÉIREANN

## 2. NUÁLAÍOCHT TRÍ NA SIOCRACHA ATHRAITHE




## 3. SEACHAD DEA-THORADH AR AN BPÁIRC AR GACH LEIBHÉAL

Má thugtar an toradh ceart i gcrích maidir leis na réimsí príomhthábhachta seo, cuirfidh muintir an chluiche le chéile go mbíonn dea-thoradh ar chúrsaí ar gach leibhéal.

Bisíonn borradh le bua ionas gur féidir linn athinfheistíocht a dhéanamh in athuair sa chluiche agus borradh breise a chur faoi éiceachóras na peile.

## ATHCHÓIRIÚ AR CHÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS STRUCHTÚIR

**Struchtúr rialachais atá soiléir, leanúnach agus sochothaithe a chur ar fáil maidir leis an bpeil in Éirinn.**

## LE CABHAIR NA NÁISITHEOIRÍ

**Cúrsaí Cultúir**

**Cúrsaí Eagraíochta**

**Gnéithe Digiteacha**

**Cúrsaí Brandála agus Tráchtála**

# CLÁR AN ÁBHAIR


07 Réamhrá

21 Crainn Taca agus Siocracha Athraithe

47 Dea-thoradh ar an bPáirc

51 Athchóiriú ar Chúrsaí Rialachais agus Struchtúir

55 Áisitheoirí

67 Téamaí Leanúnacha na Straitéise

77 Do Ról Féin maidir leis an Straitéis

83 Focal Scoir


"TÁ SAOL NA PEILE ATHRAITHE.

NÍ FORBAIRT AGUS FORÁS ATÁ I NDÁN DON SPÓRT MURA DTAGANN ATHRÚ."

**Trevor Lyttle**
Cathaoirleach Sraith Peile na mBan agus na gCailíní Scoile i Luimneach

"BRAITHEANN IMREOIRÍ ÓGA GO BHFUIL SAOL DEN RATH AMACH ROMPU. NÍ MÓR DÚINN CÚNAMH NÍOS MÓ AGUS DEISEANNA NÍOS FEARR A CHUR AR FÁIL DO BHUACHAILLÍ AGUS DO CHAILÍNÍ AR FUD NA TÍRE IONAS GUR CHUN FEABHAIS A BHÍTEAR AG DUL I GCÓNAÍ."

**Madison McGuane**
Imreoir, Treaty United F.C.

"TÁ BORRADH TRÉAN FAOIN SPÉIS A CHUIRTEAR I SRAITH NA HÉIREANN.

NÍ FOLÁIR DÚINN INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH GO STUAMA IN ÁISEANNA IONAS GO BHFÓNTAR DO THIONSCAL FADMHARTHANACH NA PEILE AGUS GO GCINNTÍTEAR GO MBÍONN AN TAITNEAMH IS MÓ LE BAINT AS AG AN LUCHT LEANTA."

**Shane Crossan**
Bainisteoir Ginearálta C.P. Rógairí Shligigh

"CAITHFIMID AN DEIS IS FEARR IS FÉIDIR GO MBEIDH AN RATH ORTHU A CHUR AR FÁIL D'FHOIRNE NÁISIÚNTA NA LINNE SEO AGUS D'FHOIRNE NA LINNE ATÁ LE THEACHT."

**Katie McCabe**
Captaen WNT

## IS LÉIR DO GACH DUINE GO BHFUIL SÉ IN AM AN CLUICHE A ATHRÚ...

"TUGANN AN PHEIL DEIS DON UILE DHUINE A BHEITH PÁIRTEACH, A BHEITH SAN IOMAÍOCHT AGUS A BHEITH SA CHOMHLUADAR. NÍ MÓR A CHINNTIÚ GO DTUGTAR AN DEIS SIN DON UILE DHUINE GAN BHEANN AR CHINEÁL AN CHLUICHE NÁ AR CHINEÁL AN CHUMAIS."

**Kevan O'Rourke**
Leas-Chaptaen Foireann Imreoirí Teascaigh na hÉireann

"TEASTAÍONN ATHRÚ DÁIRÍRE AR AN GCÚNAMH AGUS AR AN GCOSAINT DO RÉITEOIRÍ.

MURA BHFUIL MEAS AG DAOINE AR A CHÉILE, IS GEARR A BHEIDH AON DUINE AR AN BPÁIRC."

**Hannah O'Brien**
Réiteoir

"NÍ LE SLAITÍN DRAÍOCHTA A THABHARFAR ATHRÚ I GCRÍCH, MÁS LINN SIN A DHÉANAMH AGUS CEANN SCRÍBE A BHAINT AMACH, NÍ MÓR DÚINN AR FAD TARRAINGT LE CHÉILE SAN AON TREO AMHÁIN."

**Denise Kent**
Cóitseálaí faoi Aois agus Oifigeach Leasa na Leanaí

"LÉIRÍTEAR DÚINN CHOMH MÓR AGUS A THÉANN AN PHEIL I BHFEIDHM AR MHUINTIR NA TÍRE SEO.

TEASTAÍONN NA HATHRUITHE CEARTA A DHÉANAMH ANOIS IONAS GUR FÉIDIR LINN CÁILLIÚ DO NA COMÓRTAIS MHÓRA GO RIALTA.

ÓCÁIDÍ SPEISIALTA IN ÉINEACHT LEIS AN GCUID EILE DEN TÍR AR FAD A SPREAGANN AN CHÉAD GHLÚIN EILE LE DÉANAMH MAR A RINNEAMAR FÉIN."

**Nathan Collins**
Captaen MNT

# ÁBHAR MACHNAIMH FAOI 2022-2025

Sa bhliain 2022, leagadh amach straitéis ardaidhme tráth cinniúnach a raibh athchóiriú á bheartú ar an gCumann. Nuair nach raibh aon straitéis éifeachtúil i bhfeidhm roimhe sin ar a mbunófaí an ceann sin, ba léir na nithe a mbeadh béim orthu: muinín a athchothú, caighdeáin a ardú, agus bonn daingean a chruthú a bheadh faoin rath san am a bhí le theacht.

Chuaigh an bheartaíocht seo i bhfeidhm ar gach gné de Spórt na Peile in Éirinn. Is mian linn buíochas a ghabháil le pobal na peile as an dua a chuir siad orthu féin ag cuidiú linn dul chun cinn den rath a dhéanamh ar gach leibhéal den spórt.

Ba tréimhse thábhachtach an ré straitéise roimhe seo lenar bhain dul chun cinn mór maidir le spórt na peile in Éirinn. Bhí cinntí anróiteacha le déanamh, bhí díograis an chomhair de dhíth, ach tá bonn treise daingnithe anois ar féidir dul ar aghaidh arís go muiníneach dá bharr. Beidh gá le hathrú go leanúnach más linn a bhféadfadh a bheith i ndán don chluiche a thabhairt i gcrích.

Leagtar amach an aisling faoi Straitéis 2022–2025. Tá in am anois, faoi Straitéis 2026–2029, an aisling a thabhairt i gcrích go fada leanúnach:

**In Am an Cluiche a Athrú.**

## IS CÚIS MÓRTAIS AGAINN UILIG LE CHÉILE 74% DE NA HAIDHMEANNA A BHAINT AMACH A CHUIREAMAR ROMHAINN I STRAITÉIS ARDAIDHMEANNACH.

Tá lón eolais foghlamtha againn ó na deacrachtaí lena linn sin agus tuigtear go maith go bhfuil cuid mhór eile fágtha le déanamh go fóill.

## NA PRÍOMHBHEARTA BUA

AN AISLING MAIDIR LE HINFHEISTÍOCHT IN ÁISEANNA

AN SPÓRT IS MÓ RANNPHÁIRTÍOCHT: 245K (+10%)

ARDÚ +42% MAIDIR LE SRAITHEANNA A ÚSÁIDEANN FAI CONNECT

SCIAR 75% DEN LUCHT FÉACHANA TEILIFÍSE MNT v AN ONGÁIR

PLEAN CHONAIR NA PEILE

3,330 (+10%) IMREOIR PEILE FAOI MHÍCHUMAS

ARDÚ +79% AR RANNPHÁIRTÍOCHT NA MBAN & NA GCAILÍNÍ

FORÁS +111% AR PHÁIRTNÉIREACHT

INFHEISTÍOCHT €112M ÓN RIALTAS 2024

ARDÚ +40% AR LÍON NA NDAOINE AG CLUICHÍ SHRAITH NA HÉIREANN

FEACHTAS PLAY IT RIGHT

FORÁS +60% MAIDIR LE CRAOLTÓIREACHT

FIACHA ÍSLITHE Ó €62M GO €36.5M -€25.5M

AN CHÉAD CHRAOBHCHOMÓRTAS MÓR AG WNT

+9 COMHÉIFEACHT SHRAITH NA hÉIREANN MAIDIR LE TÍORTHA UEFA

CLUICHE CEANNAIS SHRAITH EUROPA UEFA BAILE ÁTHA CLIATH 2024

## DEACRACHTAÍ A BHÍ LE SÁRÚ

TEIP CÁILIÚ LE HAGHAIDH EURO 2024 AND 2025

TUAIRISCÍ CÁINTEACHA AG DUL I BHFEIDHM AR DHEARCADH AN PHOBAIL

FÉILIRE CHÓIRITHE NA PEILE INA ÁBHAR AIGHNIS

DEACRACHTAÍ RIALACHAIS

EASPA SONRAÍ MAIDIR LE COMHIONANNAS, ILÉAGSÚLACHT & CUIMSITHEACHT

1 STAID AMHÁIN LOI ATÁ SÁCH MAITH DO CHÉIM NA SRAITHE DE CHOMÓRTAS CLUBANNA UEFA

## BUNSAOTHAR A GCUIRFEAR LEIS

AN tSRAITH NÁISIÚNTA LE SEOLADH 2026

INFHEISTÍOCHT IN ACADAMH SHRAITH NA HÉIREANN A CHUR I BHFEIDHM

EASNAMH LUACH €863M MAIDIR LE hÁISEANNA

OIBRITHE DEONACHA A EARCÚ & A CHOINNEÁIL

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NA mBAN & NA gCAILÍNÍ

EURO 2028

FONDÚIREACHT DHOMHANDA PHEIL NA hÉIREANN LE SEOLADH GO LUATH




**Daniel O'Neill**
Rógairí Fhionnradhairc

# PLEANANNA STRAITÉISE CUÍCHÓIRITHE

I rith ré feidhme straitéis 2022–2025, cuireadh sraith de phleananna ardaidhme i dtoll a chéile maidir le réimsí atá ríthábhachtach don Chumann.

D'fhonn a gcuíchóiriú a chinntiú, leagtar béim sa cháipéis seo ar na príomhthorthaí, na príomhchuspóirí agus na bearta ardleibhéil a thabharfar i gcrích i rith ré feidhme 2026–2029.

Moltar na pleananna mionsonraithe féin a léamh ar mhaithe leis an gcomhthéacs iomlán a thuiscint.




## INFHEISTÍOCHT IN ÁISEANNA AISLING AGUS STRAITÉIS

Leagtar amach an infheistíocht €863 milliún a theastaíonn le bonneagar nua-aimseartha uilechuimsitheach a chruthú ionas gur féidir leis an spórt is mó lucht rannpháirtíochta in Éirinn teacht faoi bhláth agus chun foráis.




## PLEAN CHONAIR NA PEILE

Plean maidir le leibhéil uile an spóirt a dtuigtear gur cúis le hathrú a bheidh ann i rith ré na straitéise seo. Ar na fo-phleananna, tá an **Straitéis Oideachais agus Forbartha agus Plean Gníomhaíochta na mBan agus na gCailíní.**




## AN STRAITÉIS INMHARTHANACHTA SÓISIALTA AGUS TIMPEALLACHTA

An chéad phlean sonrach inmharthanachta de chuid an Chumainn ina leagtar amach gealltanais maidir le Gníomh ar son na hAeráide, Inmharthanacht Timpeallachta, Comhionannas, Iléagsúlacht agus Cuimsitheacht agus Sláinte agus Folláine.

# AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

I rith ré feidhme na straitéise roimhe seo, leagadh béim mhór ar pháirt a bheith ag pobal na peile sa bhealach atá romhainn a shocrú. Trí chur leis an gcomhairliúchán a bhain leis an straitéis roimhe seo agus le Plean Chonair na Peile, cinntíodh go raibh aird ar dhaoine ó gach réimse den spórt.

## AN COMHAIRLIÚCHÁN GO HACHOMAIR

**Ceardlanna le pobal na peile.** **10**

**Líon na bhfreagraí ar an suirbhé.** **3,577**

**Cruinnithe le baill foirne, coistí, dreamanna gaolmhara agus páirtithe leasmhara príomhthábhachta.**

**Lón saineolais agus sonraí ó UEFA GROW.**

Tháinig téamaí soiléire chun cinn le linn an chomhairliúcháin seo, dearbhú arís eile ar an ngá le hathrú leanúnach agus le dul chun cinn maidir le gnéithe mórthábhachtacha den pheil in Éirinn.

> **BA SPÉISIÚIL AN RUD GO RAIBH NA TÉAMAÍ CÉANNA Á LUA AINNEOIN DAOINE A BHEITH AG AN GCRUINNIÚ Ó ÁITEANNA ÉAGSÚLA AR FUD NA TÍRE. BA MHÓR AN TAIRBHE AIRD A BHEITH Á THABHAIRT AR DHAOINE AR LEIBHÉAL NA GCLUBANNA.**
>
> **Audrey Colreavy**
> Cóitseálaí agus Tuismitheoir, Merville United





**Comhairliúchán Poiblí FAI,**
Corcaigh



**Foireann Náisiúnta Buachaillí Faoi 17 Phoblacht na hÉireann**
Aspire Zone, Doha, Qatar

# ÁR BHFÍS AGUS ÁR MISEAN 2026-2029

## AISLING: Spreagadh an náisiúin agus cónascadh an phobail.

## MISEAN: Éiceachóras féinchothaitheach a chur le chéile ar mhaithe le todhchaí Pheil na hÉireann.

Tuigtear ón **aisling** an fáth atá againn leis an obair a dhéanamh.
Tuigtear ón **misean** an bealach ina dtabharfar i gcrích é.

Is léir an bealach atá romhainn ach a n-áireamh in éineach.

### CUSPÓIR:
Cur le saol an uile dhuine trí leas a bheith acu as eispéiris thairbheacha peile.

### LUACHANNA:

**DUL CHUN CINN**
Feabhas breise a chruthú.

**DÍOCAS**
Croí agus anam.

**MUINTEARAS**
Neart agus cur le chéile.

# ÉICEACHÓRAS NA PEILE IN ÉIRINN

Ní mór do lucht na peile oibriú as lámha a chéile. Má dhéantar amhlaidh, tiocfaidh an rath ar gach leibhéal, cothófar fuinneamh, athinfheistíocht agus an dóigh gur féidir teacht in inmhe chomh maith agus atá sa duine.

**Éiceachóras na Peile in Éirinn** a thugaimid air sin, rud a chiallaíonn go gcuireann gach gné de Phobal na Peile lena chéile, ionas gurb é leas an uile dhuine é, agus go bhfóntar don spórt ar gach uile bealach.

**Leagtar amach sa straitéis 4 bliana seo na hathruithe is gá chun sin a thabhairt i gcrích.**

> **"TRÍ SHAOTHRÚ IN ÉINEACHT LE DÚTHRACHT AGUS DEA-MHÉIN, IS FÉIDIR LINN SPÓRT NA PEILE IN ÉIRINN A CHUR GO MÓR CHUN TOSAIGH."**
>
> **Aisling Barron**
> Oifigeach Forbartha na Peile
> Sraith Faoi Aois Dhún na nGall



# IN AM AN CLUICHE A ATHRÚ

## NÍL AN PHEIL AG BAINT BARR A CUMAIS AMACH IN ÉIRINN

Déanann oibrithe deonacha gach dícheall. Bíonn na foirne in iomaíocht seachtain i ndiaidh seachtaine. Tagann an lucht leanta i gcónaí. Ach ní leor díocas agus díograis. Ainneoin nóiméadacha iontacha na bua, is soiléir an cás: Níltear ag déanamh go maith in Éirinn maidir le slata tomhais tábhachtacha. Tráth a bhfuil dul chun cinn déanta i dtíortha eile, tá lán a bhfuil ionainn le baint amach againne go fóill.

## TÁ AN DEIS CHÉANNA TUILLTE AG GACH DUINE

Is í an pheil an spórt is mó a imrítear in Éirinn, ach ní hí an deis chéanna a fhaigheann gach duine agus ní hí an taithí chéanna a bhíonn acu. Más le club áitiúil nó le hÉirinn atá imreoir ag imirt, is cóir áiseanna, struchtúir agus cúnamh taca mar is cóir ar fáil ag gach imreoir ionas go n-éiríonn leis nó léi.

## CUIREANN AN CÓRAS BAC ORAINN

Peil an ghnáthphobail an bhonnchloch i gcónaí, agus sin á choinneáil ar bun ag díocas agus díograis na ndaoine ar fud na tíre. Bhíothas i bhfad rófhada ag brath ar chórais thar lear leis an bhforbairt chun gairmiúlachta a thabhairt i gcrích maidir le himreoirí óga na hÉireann.

## IS FÉIDIR SIN A ATHRÚ, LE CHÉILE

Is é pobal na peile an ghné is láidre den chóras. Ní mór spórt na peile in Éirinn a oibriú mar aon éiceachóras amháin, ó leibhéal an ghnáthphobail go dtí an sárleibhéal, gach gné de chóras ag fónamh do na gnéithe eile ar mhaithe leis an spórt féin. Ní tharlóidh athrú go neamhspleách.

Ní mór an uile dhuine ag cur le chéile.

**An seanmhodh traidisiúnta**

- Cur chuige dealaithe maidir le forbairt áiseanna.
- Cláir dá gcur ar fáil ar bhealach ginearálta ag Cóitseálaithe an Chumainn féin.
- Brath an iomarca ar an Ríocht Aontaithe maidir le himreoirí gairmiúla a fhorbairt.

**In am an cluiche a athrú**

- Áiseanna nuálacha, pobail, uilechuimsitheacha a chur ar fáil ar gach leibhéal.
- Acmhainn na gclubanna agus na sraitheanna imirt peile a chur ar fáil a thabhairt chun cinn le cúnamh speisialta agus le meantóireacht ón gCumann.
- Córas Acadaimh LOI a thabhairt chun cinn trína ndéantar forbairt ar imreoirí sárchumais anseo in Éirinn.



## NÍL AG ÉIRÍ CHOMH MAITH LE HÉIRINN AGUS BA CHEART DI, IS Í AN TRÍÚ TÍR IS LÚ DE THÍORTHA UEFA ATÁ AG BAINT BARR A CUMAIS AMACH

Is léir ó bhearta tagarmharcála de chuid UEFA nach bhfuil Éire ag cruthú chomh maith is ba cheart di i gcomparáid leis na leibhéil a mbeadh súil leo. Nuair a chuirtear cúrsaí daonra, rannpháirtíochta agus acmhainní san áireamh, tá toradh saothair na hÉireann i bhfad ar gcúl ná mar a bheadh súil leis.

Feictear an easpa feidhmíochta seo maidir leis na foirne náisiúnta, leis na clubanna agus leis an bhforbairt ar imreoirí, agus is soiléir dá réir an t-easnamh soiléir idir a oiread agus a mhinice a imrítear an spórt agus an toradh saothair a thugaimid i gcrích dá bharr.

Ní aon cheist amháin a bhaineann leis seo. Is toradh é ar laige ar fud an chórais:

- Is annamh a cháilítear do chraobhchomórtais mhóra ná mar a dhéanann tíortha inchomparáide eile san Eoraip.
- Ní mar a chéile an deis ar shlite soiléire comhleanúnacha chun cinn ag imreoirí ar fud na tíre.
- Feidhmíonn clubanna Shraith na hÉireann le líon foirne, soláthar áiseanna agus acmhainn tráchtála is ísle go mór ná a gcomhleithéidí ar fud na hEorpa.
- Is iomaí club atá gann na gnéithe bunúsacha bonneagair a theastaíonn don rannpháirtíocht sa ré ina mairimid agus don fhorbairt.

**Ní leis an díograis atá an trioblóid ina leith seo. Is leis an gcóras a bhaineann an fhadhb.**

## NA BEARTA PRÍOMHTHÁBHACHTA:

1. **Buachaillí agus cailíní a bheith ag imirt níos mó peile**
2. **Áiseanna a thabhairt chun cinn ar gach leibhéal**
3. **Sárchumas a thabhairt chun tosaigh trí Acadaimh LOI**
4. **Athchóiriú ar chúrsaí rialachais agus struchtúir**

## CUSPÓIR SÁRCHÉIME:

**An náisiún a spreagadh trí cháiliú do chomórtais craoibhe**

# AN TATHRÚ ATÁ Á CHUR AGAINN AR AN GCLUICHE

**Cuirimid ar fad dea-thoradh ar pháirc na himeartha romhainn,** ach ní de sheans a tharlaíonn a leithéid. Ní mór athruithe ciallmhara a dhéanamh maidir le **hÁiseanna,** le **Forbairt na Peile**, agus le **Sraith na hÉireann** d'fhonn an bonn ceart a chur faoi éiceachóras peile a n-eascróidh dea-thoradh uaidh ar gach leibhéal faoi leith.

## AISLING:

**Spreagadh an náisiúin agus cónascadh an phobail.**

## MISEAN:

**Éiceachóras féinchothaitheach a chur le chéile ar mhaithe le todhchaí Pheil na hÉireann.**

## CUSPÓIR:

**Cur le saol an uile dhuine trí leas a bheith acu as eispéiris thairbheacha peile.**

## 1. TREISIÚ LEIS NA CRAINN TACA

### ÁISEANNA
Áiseanna a chothaíonn rannpháirtíocht agus torthúlacht ar gach leibhéal.

### FORBAIRT PEILE
Feabhas ar chaighdeán agus shásamh an uile dhuine.


### SRAITH NA HÉIREANN
Tionscal peile a chothú go fadmharthanach.

### FONDÚIREACHT DHOMHANDA PHEIL NA HÉIREANN

### PLEAN CHONAIR NA PEILE

### ACADAIMH SHRAITH NA HÉIREANN

## 2. NUÁLAÍOCHT TRÍ NA SIOCRACHA ATHRAITHE




## 3. SEACHAD DEA-THORADH AR AN BPÁIRC AR GACH LEIBHÉAL

Má thugtar an toradh ceart i gcrích maidir leis na réimsí príomhthábhachta seo, cuirfidh muintir an chluiche le chéile go mbíonn dea-thoradh ar chúrsaí ar gach leibhéal.

Bisíonn borradh le bua ionas gur féidir linn athinfheistíocht a dhéanamh in athuair sa chluiche agus borradh breise a chur faoi éiceachóras na peile.

## ATHCHÓIRIÚ AR CHÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS STRUCHTÚIR

**Struchtúr rialachais atá soiléir, leanúnach agus sochothaithe a chur ar fáil maidir leis an bpeil in Éirinn.**

## LE CABHAIR NA NÁISITHEOIRÍ

- Cúrsaí Cultúir
- Cúrsaí Eagraíochta
- Gnéithe Digiteacha
- Cúrsaí Brandála agus Tráchtála

# NA CRAINN TACA






**Baile Átha an Rí v CP Chill Easra - Domhnach Cearna**
Baile Ghéin,
Co. na hIarmhí

# ÁISEANNA

### 1. TREISIÚ LEIS NA CRAINN TACA

| | | |
|---|---|---|
| ÁISEANNA | FORBAIRT PEILE | SRAITH NA HÉIREANN |
| FONDÚIREACHT DHOMHANDA PHEIL NA HÉIREANN | PLEAN CHONAIR NA PEILE | ACADAIMH SHRAITH NA HÉIREANN |

### 2. NUÁLAÍOCHT TRÍ NA SIOCRACHA ATHRAITHE

### 3. DEA-THORADH AR AN BPÁIRC
AR GACH LEIBHÉAL

1 2 3

**ATHCHÓIRIÚ AR CHÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS STRUCHTÚIR**

**LE CABHAIR NA NÁISITHEOIRÍ**

- Cúrsaí Cultúir
- Cúrsaí Eagraíochta
- Gnéithe Digiteacha
- Cúrsaí Brandála agus Tráchtála





**Port Láirge v. Síol Bhroin**
An tIonad Réigiúnach Spóirt, Port Láirge

# ÁISEANNA

Ba cheart gur simplí spórt na peile. Ach is minic nach ea in Éirinn.

Cuireann easpa áiseanna pobail atá ar dhea-chaighdeán agus ina ndéantar cóir don uile dhuine bac ar imirt an chluiche agus constaic roimh dhaoine a bheadh páirteach sa spórt. Cuirtear an iomarca cluichí ar ceal, iomarca den lucht leanta a fhágáil gan sásamh agus iomarca ama a chaitheamh gan cluichí le himirt.

Ní mór áiseanna atá sásúil don chuspóir a bheith ina ghnáthrud, seachas ina eisceacht.

Idir leibhéal an ghnáthphobail, leibhéal Shraith na hÉireann agus na hionaid náisiúnta, ní mór dúinn cistí a aimsiú, tograí nua a thabhairt i gcrích agus caighdeán níos airde a bhaint amach ionas go gcruthaítear ionaid inar féidir leis an bpeil a theacht chun cinn go tréan láidir.

**€122m bailithe go dtí seo as €863m de sprioc-chiste infheistíochta i gcúrsaí bonneagair ar feadh 15 bliana.**

**€122M**

---

**Céatadán na gclubanna nach bhfuil leithreas do mhná acu.**

**62%**

---

**Níl ach staid amháin LOI atá sách maith do Chéim na Sraithe de Chomórtas Clubanna UEFA.**

**1**

Maidir le háiseanna atá an bac is mó i gcónaí roimh fhorás ar spórt na peile in Éirinn.

Is léir ón Aisling agus Straitéis maidir le hInfheistíocht in Áiseanna go mbeadh sprioc €863m le sárú idir spórt an ghnáthphobail, Sraith na hÉireann, agus peil idirnáisiúnta. Tá tús leis an dul chun cinn le cúnamh taca láidir ón rialtas, ach is féidir níos mó a dhéanamh.

Cuideoidh Fondúireacht Dhomhanda Pheil na hÉireann le tograí ar leibhéal an ghnáthphobail a mhaoiniú ionas go gcinntítear go ndéanann spórt na peile féin a chion maidir leis an easnamh a thabhairt isteach.

Tá bac ar fhorás ar leibhéal Shraith na hÉireann mar gheall ar staideanna nach dtagann le caighdeáin na linne seo maidir leis an lucht leanta nó le lucht craoltóireachta.

Ní mór cur ar son infheistíocht breise, oibriú i gcomhar maidir le tograí logánta agus seasamh le clubanna agus dreamanna pobail i mbun pleanála agus soláthair don am atá le theacht.

> **AONTAÍONN GACH DUINE GO DTEASTAÍONN ÁISEANNA NÍOS FEARR AR FUD NA TÍRE.**
>
> **William Grant**
> Rúnaí, West Utd F.C.




**Cathair Chorcaí v Bohemians**
Ionad Oscair Mhic Thréanfhir, An Chúlóg, Baile Átha Cliath

# ÁISEANNA

**Áiseanna a spreagann rannpháirtíocht agus feidhmíocht ag gach leibhéal.**

| AN CEANN SCRÍBE | AN BEALACH CHUN CINN | NA SLATA TOMHAIS |
|---|---|---|
| Áiseanna peile lena mbaineann ionchuimsitheacht, áisiúlacht agus gné láidir an phobail. | • Bearta cúnta a leathnú maidir le clubanna an Ghnáthphobail ionas go dtugtar áiseanna chun cinn lena mbaineann ionchuimsitheacht agus áisiúlacht.<br>• Scéimeanna sonracha a chur i bhfeidhm trí Club Mark.<br>• Páirtnéireacht idir spóirt éagsúla a chothú le Comhlachtaí Neamhrialtais eile. | • +15% ar chistí i mbabhtaí i ndiaidh a chéile faoi Chiste na nÁiseanna Spóirt Pobail.<br>• 30% den Chistíocht a cheadaítear maidir le Bonneagar Spóirt ar Mhórscála a ghnóthú.<br>• +80 páirc imeartha Astroturf.<br>• +200 club le leithris do mhná.<br>• +150 club le háiseanna cithfholctha agus feistis atá sábháilte, príobháideach agus cóiriúil don uile dhuine.<br>• +200 club le leithris atá áisiúil don uile dhuine. |
| Bonneagar nua-aimseartha don chluiche gairmiúil á thabhairt chun cinn ag Clubanna LOI. | • Cuidiú le clubanna pleananna forbartha a leagan amach maidir le Staideanna agus áiseanna traenála.<br>• Cuidiú le clubanna cistí a aimsiú do na pleananna forbartha.<br>• Treoirlínte Bonneagair an Chumainn a chur i bhfeidhm trí chóras Cheadúnas an Chlub.<br>• A chinntiú go mbíonn gach staid feistithe sa chaoi is gur féidir freastal ar an uile dhuine den lucht leanta, ag an bhfoireann baile agus ag na cuairteoirí. | • Bunáit traenála faoi leith ag gach club atá sásúil don chuspóir.<br>• Cuirfidh gach Club feabhas ar dhromchla na páirce imeartha.<br>• Ar a laghad 5 Staid i gCatagóir 3 UEFA agus 15 Staid i gCatagóir 2 UEFA. |
| Áiseanna de scoth an domhain trínar féidir sárbheartaíocht a chumasú. | • Treoirphlean céim i ndiaidh céime a chur i dtoll a chéile maidir leis an Ionad Náisiúnta Traenála.<br>• A chinntiú go mbíonn infheistíocht ré feidhme ar fáil maidir le Staid Aviva. | • Cistíocht €6m a ghnóthú maidir le céim 1 den Ionad Náisiúnta Traenála. |



> **NÍ FOLÁIR A THABHAIRT GUR FÉIDIR INFHEISTÍOCHT FHADTÉARMACH A DHÉANAMH TRÍNA GCUIRTEAR ATHRÚ AR ÁISEANNA PEILE AR FUD NA HÉIREANN AGUS ÓNA NEASCRAÍONN DEA-THORADH FADTÉARMACH DON PHOBAL.**
>
> **Colin Ryan**
> Cathaoirleach GIFF

**Páirc na Reannaí**
Árainn Mhór,
Dún na nGall



# FONDÚIREACHT DHOMHANDA PHEIL NA HÉIREANN

Meastar go bhfuil gá le €426m in imeacht 15 bliana maidir le peil ar leibhéal an ghnáthphobail agus go mbeidh €85m á chur ar fáil ag eagras an spóirt féin. Ní thabharfar isteach an t-easnamh sin leis na gnáthmhodhanna seanbhunaithe cistíochtaí.

Is féidir GIFF a bheith ina shiocair le hathrú: comhlacht neamhspleách cistíochta d'fhonn infheistíocht nua a mhealladh agus deiseanna a chruthú do spórt na peile in Éirinn.

Cé go bhfuil bunriachtanas i gcónaí le cúnamh rialtais, is bealach forbheartach GIFF chun cistí caipitil a ghnóthú agus an dúshlán maidir le ranníoc 20% ó spórt na peile d'áiseanna náisiúnta a shárú.

## AN BEALACH CHUN CINN

- Cruinniú cistí a chur chun tosaigh le feachtais straitéiseacha agus páirtnéireacht daonchairdis.
- Tionscnaimh chun cur leis an aird agus leis an tuiscint agus chun iarratais a mhealladh maidir le háiseanna ar leibhéal an ghnáthphobail.
- Próiseas leithdháilte atá follasach, macánta agus bunaithe ar infheistíocht a chur i bhfeidhm.
- Comhlíontas agus cuntasacht iomlán a chinntiú maidir le gach geallúint ón lucht tabhartais.

D'fhonn tabhartais a spreagadh, ní mór don Fhondúireacht aird agus spéis dhaoine de na dreamanna seo a leanas a chothú:

**1. DAOINE DEN LUCHT ARDRACHMAIS**

Daoine ag a bhfuil rachmas ard nó rí-ard a mbeadh suim acu airgead a bhronnadh ar spórt na peile in Éirinn.

**2. COMHLACHTAÍ IN ÉIRINN**

Comhlachtaí móra domhanda a bhfuil bunáit nó ceanncheathrú acu in Éirinn.

**3. DIASPÓRA NA hÉIREANN I MEIRICEÁ**

Muintir na hÉireann i Meiriceá a bhaineann le réimsí ioncaim atá ard nó an-ard (catagóir cánachais 501(c)(3)).

## NA SLATA TOMHAIS

- Ar a laghad €15m a bhailiú faoin mbliain 2029

# FORBAIRT PEILE

**1. TREISIÚ LEIS NA CRAINN TACA**

| | | |
|---|---|---|
| ÁISEANNA | FORBAIRT PEILE | SRAITH NA HÉIREANN |
| FONDÚIREACHT DHOMHANDA PHEIL NA HÉIREANN | PLEAN CHONAIR NA PEILE | ACADAIMH SHRAITH NA HÉIREANN |

**2. NUÁLAÍOCHT TRÍ NA SIOCRACHA ATHRAITHE**

**3. DEA-THORADH AR AN BPÁIRC**
AR GACH LEIBHÉAL

1 2 3

**ATHCHÓIRIÚ AR CHÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS STRUCHTÚIR**

**LE CABHAIR NA NÁISITHEOIRÍ**

- Cúrsaí Cultúir
- Cúrsaí Eagraíochta
- Gnéithe Digiteacha
- Cúrsaí Brandála agus Tráchtála





**Lá Chluichí Craoibhe FAI na mBunscoileanna do Fhoirne Cúigear Imreoir**
Staid Aviva, Baile Átha Cliath

# FORBAIRT PEILE

Bhí spórt na peile in Éirinn ag déanamh níos fearr ná a bheadh súil leis ar feadh na mblianta fada. Ach, de réir mar a d'athraigh an spórt inár dtimpeall, caithfimid oibriú le chéile anois chun coinneáil bord ar bhord le cúrsaí agus brú chun cinn.

Déanann pobal na peile ar fud na tíre obair iontach ag tabhairt imreoirí chun cinn. D'fhonn cur leis sin, ní mór cur chuige le haon mheon amháin: modh trína gcinntítear go bhfuil teacht go seasta rialta ag gach imreoir, gan bheann ar an áit ina bhfuil an t-imreoir, ar chluichí peile ar ardchaighdeán, ar eispéiris dhearfacha agus ar fhíordheiseanna.

Leagtar amach an aisling maidir le gach réimse den spórt i bPlean Chonair na Peile. Tá an struchtúr anois ar bun; is é an chéad bheart eile cur le hacmhainn na gclubanna agus na sraitheanna an dul chun cinn a thabhairt i gcrích.

Téadh imreoir ar aghaidh go hAcadamh Shraith na hÉireann, caitheadh imreoir an geansaí glas, nó leanadh imreoir ag baint taitneamh as an gcluiche ar leibhéal an ghnáthphobail, tá dualgas orainn go léir forbairt agus teacht in inmhe a spreagadh.

Ní tharlóidh athrú gan dua, agus ní thiocfaidh an dea-thoradh gan mhoill. Ach trí chur le chéile, caighdeáin a ardú, cuidiú le lucht an chluiche féin agus misneach a chothú sa mhéid is féidir a bhaint amach, is féidir linn gach a mbeadh i ndán don pheil in Éirinn a thabhairt i dtreis.

**An ráta rannpháirtíochta forghinearálta 14 / 55 i measc thíortha UEFA.**

**14TH**

**Céatadán na gclubanna le creidiúnú Club Mark ar leibhéal Aon Réalt Amháin.**

**8%**

**An tréimhse teagmhála ag foirne idirnáisiúnta faoi aois i bhfad níos giorra ná ag mórchuid thíortha UEFA.**



> **GACH BEART DÁ NDÉANTAR, IS AR MHAITHE LE LEAS NA NDAOINE UILE É. NÍ MÓR DÚINN NA CLUBANNA A FHORBAIRT AGUS NÍOS MÓ IMREOIRÍ CUMASACHA A CHUR AR FÁIL.**
>
> **TÁIMID UILIG SA CHÁS CÉANNA AGUS TIOCFAIMID AR AGHAIDH LE CHÉILE.**
>
> **Andrew O' Leary**
> Stiúrthóir peile agus príomhchóitseálaí, Inter Kenmare F.C.



**Inter Kenmare F.C.**
An Neidín, Ciarraí

# FORBAIRT PEILE

**Feabhas ar chaighdeán agus shásamh an uile dhuine.**

| AN CEANN SCRÍBE | AN BEALACH CHUN CINN | NA SLATA TOMHAIS |
|---|---|---|
| Líon rannpháirtithe níos mó le deiseanna níos fairsinge agus níos éagsúla peil a imirt níos minice. | • Formáidí nua cluichíochta & clár cluichí a chur i bhfeidhm d'fhonn cur leis na deiseanna imeartha atá oiriúnach maidir le haois agus céim.<br>• Plean Gníomhaíochta a leagan amach maidir le Peil do Dhaoine faoi Mhíchumas.<br>• Oidhreacht a leanann ó EURO 2028 a thabhairt i dtreis do na himreoirí, do na cóitseálaithe agus do na hoibrithe deonacha.<br>• Na Pleananna Gníomhaíochta do Mhná agus do Chailíní a thabhairt i gcrích. | • 70% de na sraitheanna ina gcuirtear 25+ cluiche i bhformáidí sochóirithe ar fáil gach séasúr do na foirne ar fad.<br>• +25% d'ardú ar líon na nImreoirí Peile faoi Mhíchumas.<br>• 100 club ina gcuirtear deiseanna ar fáil Peil do Dhaoine faoi Mhíchumas a imirt.<br>• +30% maidir le Mná & Cailíní atá cláraithe mar imreoirí. |
| Timpeallachtaí club agus sraithe ardchaighdeáin a thacaíonn le rannpháirtíocht agus dul chun cinn inbhuanaithe. | • Leathnú le córas Club Mark a chur i bhfeidhm agus League Mark a sheoladh go foirmeálta.<br>• Ról an Cheannasaí Peile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud chóras na gclubanna.<br>• Tús a chur le clár aitheantais agus cúitimh d'oibrithe deonacha. | • Creidiúnú Ghrád Tosaigh i gCóras League Mark a bhronnadh ar gach sraith.<br>• Leibhéil creidiúnaithe Club Mark: 100% Grád Tosaigh, 20% Aon Réalta Amháin, 10% Dhá Réalta, 1% Trí Réalta mar chóras píolótach.<br>• 250 Ceannasaí Peile le creidiúnú ón gCumann.<br>• +20% maidir le hoibrithe deonacha cláraithe. |
| Slite soiléire chun cinn ó Leibhéal an Ghnáthphobail go dtí an Leibhéal Idirnáisiúnta, le tuiscint ag na páirtithe leasmhara go léir. | • Slí shoiléir chun cinn a chruthú don imreoir le pointí sonracha athrú leibhéil.<br>• Feabhas maidir le cóitseálaithe a fhorbairt agus a choinneáil.<br>• Slí struchtúrtha chun cinn a leagan síos maidir le forbairt réiteoirí.<br>• Leas a bhaint as an tSraith Náisiúnta agus as Sraith Forbartha na mBan ar mhaithe le tástáil agus múnlú ar stuaicfhorbairt san am atá le theacht. | • +10 sraith lena gcuirtear slí iomlán chun cinn ar fáil d'imreoirí faoi aois ó Faoi 5 go Faoi 16.<br>• +50% maidir le réiteoirí nua cláraithe.<br>• +5% maidir le cóitseálaithe a choinneáil.<br>• Sciar na gcóitseálaithe cáilithe mná-le-fir a ardú go dtí 10%.<br>• Sraith Náisiúnta ag feidhmiú le 15–20 club idir na blianta 2026–2029. |
| Peil agus oideachas slánchóirithe ina chéile ionas go bhfóntar do chúrsaí rannpháirtíochta agus forbartha. | • Peil a bheith ina gnáthchuid den chóras oideachais, ar fud na leibhéal ar fad, mar chuid den Straitéis Oideachais agus Forbartha.<br>• Gnáthchuid d'acadaimh Shraith na hÉireann a dhéanamh den chóras oideachais le cláir Idirbhliana bunaithe ar chlubanna. | • 500 múinteoir a chaithfidh Laethanta Breise Saoire Pearsanta i mbun traenála leis an gCumann.<br>• 8 gclár peile Idirbhliana atá ceangailte le Acadamh LOI gach bliain faoin mbliain 2029. |
| Fealsúnacht shoiléir peile agus cóitseála á chur i bhfeidhm ar fud na bhfoirne idirnáisiúnta ar fad. | • Plean Teicniúil na Féithe Glaise a chur i bhfeidhm maidir le meon imeartha agus cóitseála faoi leith i measc na bhfoirne idirnáisiúnta go léir.<br>• Timpeallacht forbartha ar ardchaighdeán ar fáil go seasmhach ag gach imreoir a bhfuil cumas den scoth iontu. | • Plean Teicniúil na Féithe Glaise i bhfeidhm i measc na bhfoirne idirnáisiúnta go léir agus i gcomhréir le clár forbartha na gcóitseálaithe.<br>• Ardú 10 lá ar an meán maidir leis an tréimhse teagmhála a chuirtear ar fáil do na foirne idirnáisiúnta faoi aois. |
| Córas ardfheidhmíochta nua-aimseartha trína n-ullmhaítear foirne na hÉireann chun dul in iomaíocht ar na leibhéil is airde. | • Timpeallacht ardfheidhmíochta a chur ar fáil do na foirne idirnáisiúnta go léir.<br>• Tagarmharcáil ardfheidhmíochta a chur i bhfeidhm ar fud na n-acadamh LOI.<br>• Cumas agus acmhainn maidir le Sonraí & Anailís a thabhairt chun cinn d'fhonn bonn treise a chur faoi dhéanamh cinntí de réir fianaise.<br>• Cúram maidir le Fónamh don Fheidhmíocht agus Sonrú Lucht Sárchumais a bheith ina ghnáthchuid den slí chun cinn idirnáisiúnta.<br>• Conair idirnáisiúnta na mban a thabhairt leis an sárchleachtas de réir UEFA. | • MNT le háireamh ar an 20 is fearr ag UEFA. WNT le háireamh ar an 15 is fearr ag UEFA.<br>• Sonraí feidhmíochta bonnlíne leagtha síos maidir le gach imreoir in Acadamh Shraith na hÉireann.<br>• Cáilíocht a bhaint amach maidir le haon trian de na comórtais faoi aois de chuid UEFA a gcuirtear foireann isteach orthu.<br>• +3 ar an meán maidir le rangú na bhfoirne Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas. |

**BAINEANN AN PLEAN SEO LE BONNCHLOCH NÍOS DAINGNE A CHUR FAOIN BPEIL IN ÉIRINN. MÁ CHUIRIMID GO LÉIR LE CHÉILE, IS FÉIDIR CÓRAS A BHUNÚ A FHÓNANN DON UILE IMREOIR AGUS DON UILE CHLUB AR FUD NA TÍRE.**

**Peter Travers**
Rúnaí, Sraith Ghnólachtaí Chorcaí




**Corr na Gaoithe v Sionainn**
Cluichí Pobail Cairn 2025



# PLEAN CHONAIR NA PEILE

D'fhoilsigh an FAI 'Plean Chonair na Peile' (FPP) sa bhliain 2024. **Den chéad uair riamh, tá plean cuimsitheach leagtha amach maidir le gach leibhéal de spórt na Peile in Éirinn.**

Leagtar amach sa phlean aisling 12 bhliain don Pheil in Éirinn agus na hathruithe bunúsacha nach foláir a dhéanamh ionas go ndéantar an dul chun cinn is mó is féidir.

Cé go bhfuil na sonraí go léir ar fáil i bPlean Chonair na Peile, cuirtear, leis an gcáipéis seo, na príomhthorthaí, aidhmeanna agus táscairí feidhmíochta ar leibhéal níos airde faoi mar is gá a bhaint amach i rith ré straitéise 2026–2029.

## AN BEALACH CHUN CINN

Athrú ar an gcluiche maidir le trí phríomhréimse a bhaineann leis an gCrann Taca "Forbairt Peile".

### RANNPHÁIRTÍOCHT

An tráth céanna a leantar de chur le líon na rannpháirtithe nua agus le líon na mball cláraithe, is mian linn athrú a chur ar a gciallaíonn 'Rannpháirtíocht' ionas gur minice agus gur éagsúla na deiseanna peile a bhíonn ag daoine agus go gcinntítear sult agus taitneamh le baint astu sin ag an uile dhuine.

### CONAIRÍ

A chinntiú go mbíonn struchtúr ar bun ionas gur féidir deiseanna agus torthaí tairbheacha a thabhairt i gcrích i ngach áit agus ar gach leibhéal den spórt le daoine á spreagadh chun coinneáil lena gcuid rannpháirtíochta agus lena dtaitneamh as an gcluiche.

### ARDFHEIDHM

Timpeallacht feidhmíochta agus acmhainní den scoth a chur ar fáil trína bhfóntar don fhoghlaim agus don fhorbairt is fearr is féidir ag imreoirí agus ag cóitseálaithe agus trína spreagtar an chéad ghlúin eile peileadóirí in Éirinn.


### FEALSÚNACHT NA FÉITHE GLAISE

Leanúnachas agus cuíchóiriú maidir leis na slite uile chun cinn.

Meon agus cur chuige soiléir maidir leis an imirt agus leis an gcóitseáil.

Cúnamh taca don uile imreoir le linn a ré imeartha agus ina dhiaidh sin.

# SRAITH NA HÉIREANN




**ATHCHÓIRIÚ AR CHÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS STRUCHTÚIR**

**LE CABHAIR NA NÁISITHEOIRÍ**

- Cúrsaí Cultúir
- Cúrsaí Eagraíochta
- Gnéithe Digiteacha
- Cúrsaí Brandála agus Tráchtála






**Lucht Leanta Bohemians**
Páirc Chnocán Uí Dhálaigh, Baile Átha Cliath




**“NÍ MÓR INFHEISTÍOCHT CHEART A DHÉANAMH SA TSRAITH IONAS GUR FÉIDIR Í A BHEITH NÍOS FEARR ARÍS NÁ MAR FAOI LÁTHAIR.”**

**Damien Duff**
Iarbhainisteoir sa tSraith

**Lucht leanta Ghaillimh Aontaithe**
Páirc Chnocán Uí Dhálaigh, Baile Átha Cliath



# SRAITH NA HÉIREANN

Tá aird mhuintir na hÉireann tarraingthe ag an tSraith. Ní mór teacht i dtír anois ar an spéis atá cothaithe.

Ach an infheistíocht cheart a dhéanamh, is féidir tionscal féinchothaitheach peile a chruthú a bheidh ina shiocair le rath fadtéarmach. Ón tSraith a eascróidh bun agus barr na bhfoirne náisiúnta fear agus ban agus beidh sí ina bonnchloch faoi spórt na peile in Éirinn san am atá romhainn.

De réir mar a thagann an tSraith in aibíocht, ní mór an múnla a shonrú a ligeann di teacht faoi bhláth ionas go dtagann toradh fónta fadmharthanach ar an dul chun cinn seo agus go gcruthaítear comórtas mar atá tuilte ag an lucht leanta.

**Ball foirne lánaimseartha ar an meán atá ag clubanna Shraith na hÉireann.** **3.5**

**Tionchar ar Chúrsaí Eacnamaíochta (Tuarascáil BDO 2024)** **€164.7M**

**MU17 Imreoirí i gcomplacht Chorn an Domhain FIFA 2025 a tugadh chun cinn trí chóras acadamh Shraith na hÉireann.** **16/21**

**Iomlán na ndaoine a d’fhreastail ar chlubanna Shraith na hÉireann i rith 2025.** **1.1M**

Tá borradh láidir faoin tSraith: buaicleibhéal daoine ag freastal ar chluichí, níos mó á chraoladh ar an teilifíse agus déanamh go maith san Eoraip. Ina ainneoin sin, tá líon íseal an lucht foirne, áiseanna atá seanchaite agus srianta airgid ag cur bac ar a luaithe a d’fhéadfadh forás tarlú.

Tá taithí ríthábhachtach á fháil ag na himreoirí óga, agus is tábhachtach an beart chun tosaigh an gheallúint atá tugtha ag an rialtas maidir le hinfheistíocht i gcóras na n-acadamh. Tá ár gcuid clubanna i gcónaí i gceartlár an phobail, tá níos mó i gceist leo ná spórt na peile amháin.

**NÍ FÉIDIR AN DEIS SEO A LIGEAN THARAINN.**

# SRAITH NA HÉIREANN

**Tionscal peile a thabhairt chun cinn go sochrach.**

| AN CEANN SCRÍBE | AN BEALACH CHUN CINN | NA SLATA TOMHAIS |
|---|---|---|
| Tionscal seasta sochrach peile. | • Feabhas maidir le fadmharthanacht chlubanna trí Cheadúnas Club.<br>• Breis oiliúna ar Bhaill Foirne agus ar Oibrithe Deonacha \|na gClubanna le bearta traenála agus oideachais.<br>• Craobhchóras SES a fhorbairt agus a chur ar bhonn gairmiúlachta.<br>• Slite chun cinn agus deiseanna forbartha a chur ar fáil d'Oifigigh Cluichí ar Phainéal an tSárleibhéil.<br>• Athbhreithniú a thabhairt ar chúrsaí rialachais na Sraithe agus ar fhormáidí comórtais agus measúnacht neamhspleách ar an rogha seifteanna a choimisiúnú. | • Toradh eacnamaíochta Shraith na hÉireann >€300m.<br>• 15 fostaí lánaimseartha ar an meán in aghaidh an Chlub.<br>• Bainisteoir SES lánaimseartha agus straitéis SES ag gach Club.<br>• +10% le ceapadh oifigigh cluichí de chuid Shraith na hÉireann do chluichí club UEFA.<br>• Treophlean na linne amach romhainn aontaithe ag na Clubanna, ag Coiste Náisiúnta na Sraithe agus ag Bord an Chumainn. |
| Táirge a tharraingíonn an méid is mó clúdaigh agus tráchtála ar na meáin chumarsáide. | • Cur leis an ioncam tráchtála i Sraith na hÉireann.<br>• Feabhas a chur ar áiseanna na gclubanna ionas gur fearr an acmhainn a bhainfeadh leo maidir le craoltóireacht agus le cúrsaí anailíse.<br>• Athbhreithniú, cuíchóiriú agus forás a thabhairt i gcrích maidir le branda Shraith na hÉireann.<br>• Plean Margaíochta agus Cumarsáide a leagan amach do Shraith na hÉireann na mBan. | • Dúbailt ar fhigiúirí craoltóireachta Shraith na hÉireann a thabhairt i gcrích i gcás na bhFear agus na mBan.<br>• Dúbailt ar ioncam Shraith na hÉireann ó urraíocht.<br>• Meánráta míosúil 2.5% maidir le haird ar na meáin shóisialta. |
| Eispéireas sásúil shoicheallach faoi leith don lucht leanta leis na clubanna i gcroílár an phobail. | • Líonraí  Oifigeach Comhchaidrimh an Lucht Leanta agus Oifigeach Áisiúlachta do Dhaoine faoi Mhíchumas a fhorbairt agus a chur ar bhonn gairmiúlachta.<br>• Caidreamh a chothú uair sa ráithe le gach OCLL, OÁDM agus le Coiste Lucht Leanta Shraith na hÉireann.<br>• Tionscnaimh a leagan amach d'fhonn an chéad ghlúin eile den lucht leanta a chothú.<br>• Tionscnaimh a leagan amach d'fhonn Sraith na hÉireann na mBan a thabhairt chun cinn. | • Oifigeach Comhchaidrimh an Lucht Leanta agus Oifigeach Áisiúlachta do Dhaoine faoi Mhíchumas a bheith i mbun feidhme ag 75% de na cluichí baile.<br>• Feabhas ar shásamh an lucht leanta as lá an chluiche de réir Scór Glan an tSeoltóra.<br>• +50% ag freastal ar chluichí i bPríomhroinn na mBa. |

# ACADAIMH SHRAITH NA HÉIREANN

Mar gheall ar easpa infheistíochta le blianta fada, tá áiseanna agus cúrsaí fostaíochta in Acadaimh Shraith na hÉireann i bhfad níos ísle ná caighdeáin ghairmiúla na linne.
Tá brú breise tagtha chun cinn mar gheall ar an mBreatimeacht ó tá an seanbhealach traidisiúnta chun cinn sa Ríocht Aontaithe á shéanadh feasta ar na himreoirí óga is fearr in Éirinn mar mhodh forbartha.

Bíonn drocháiseanna, easpa daoine gairmiúla a chuideodh leo agus an tréimhse forbartha is giorra san Eoraip le sárú ag sárimreoirí sa tír seo, míbhuntáiste nach beag.

Le hathrú a thabhairt i gcrích ina leith seo, ní mór córas Acadamh Shraith na hÉireann a thabhairt chun cinn atá nua-aimseartha agus oiriúnach don chuspóir agus a chuireann ar acmhainn na gclubanna imreoirí sárchumais a chothú, iomaíocht a dhéanamh san Eoraip, a bheith ina siocair le dea-thorthaí go hidirnáisiúnta agus le forás ar thionscal na peile in Éirinn.

## AN BEALACH CHUN CINN

- Cur le hinfheistíocht ilbhliantúil an rialtais in Acadamh LOI.
- Creat soiléir cistíochta a chruthú le bearta dochta monatóireachta agus tionchair.
- Forbairt bhreise a thabhairt ar mhodh forbartha Acadamh LOI na mBan trí aoisghrúpa níos óige a thabhairt san áireamh.
- Oibriú i gcomhar le clubanna ar mhaithe le forbairt lucht foirne agus an leas is fearr is féidir a bhaint as Acadamh LOI.

## NA SLATA TOMHAIS

- Baineann gach acadamh Gradam Acadamh LOI amach agus coinníonn á ghnóthú.
- Ar a laghad 8 gcinn d'Acadaimh LOI den Ghrád is Airde ar bun.
- 100 ball foirne lánaimseartha ar fud chóras Acadamh LOI.
- 100% d'ardú ar na táillí aistrithe maidir le himreoirí arna bhforbairt in acadamh (2026–2029).
- 200% d'ardú ar líon na n-uaireanta a chloig caidrimh le himreoirí.



**"FEICTEAR DOM GO BHFÉADFADH ACADAIMH NA HÉIREANN A BHEITH AR AN GCUID IS FEARR AR DOMHAN ACH AN INFHEISTÍOCHT CHEART A DHÉANAMH IONTU.**

**TÁ NA HIMREOIRÍ AGAINN, TÁ CÓITSEÁLAITHE MAITHE AGAINN,IS É A THEASTAÍONN AN INFHEISTÍOCHT A THABHARFADH LEIBHÉAL CHUN CINN MUID."**

**Mason Melia**
Iardhalta in Acadamh Shraith na hÉireann





**Cathair Chorcaí v C.P. Chiarraí**
Lá forbartha Acadamh Shraith na hÉireann Cailíní Faoi 17




**Lucht leanta Phoblacht na hÉireann,**
Staid Aviva, Baile Átha Cliath

# DEA-THORADH AR AN BPÁIRC

# DEA-THORADH AR AN BPÁIRC




**ATHCHÓIRIÚ AR CHÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS STRUCHTÚIR**

**LE CABHAIR NA NÁISITHEOIRÍ**

- Cúrsaí Cultúir
- Cúrsaí Eagraíochta
- Gnéithe Digiteacha
- Cúrsaí Brandála agus Tráchtála

Is léir ó cheithre bheart ardaidhmeannach go bhfuil dea-bhail ar éiceachóras na peile againn, ionas gur féidir linn muintir an náisiúin a spreagadh, dreamanna éagsúla a chónascadh, agus athinfheistíocht a dhéanamh sa spórt ionas gur treise arís a bhíonn an pheil in Éirinn.

**Formáidí atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime do bhuachaillí agus do chailíní i ngach contae.**

**Clubanna LOI san iomaíocht i mBabhtaí Sraithe Chraobhchomórtais Clubanna na hEorpa, Sinsear agus Sóisear, bliain i ndiaidh bliana.**

**+10% maidir le líon na gcailíní 13–14 bliana d'aois a choinneáil.**

**Cáilíonn MNT agus WNT na Sinsear do chraobhchomórtas mór amháin ar a laghad an foireann.**




**Foireann Náisiúnta na mBan**
Staid Den Dreef sa Bheilg

# ATHCHÓIRIÚ AR CHÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS STRUCHTÚIR



**Dún Dealgan vs Cathair Chorcaí,** Páirc Oriel, Dún Dealgan

# RIALACHAS AGUS STRUCHTÚIR ATHCHÓIRIÚCHÁIN




## ATHCHÓIRIÚ AR CHÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS STRUCHTÚIR

### LE CABHAIR NA NÁISITHEOIRÍ

- Cúrsaí Cultúir
- Cúrsaí Eagraíochta
- Gnéithe Digiteacha
- Cúrsaí Brandála agus Tráchtála



Is tráth cinniúnach seo maidir le hathrú ar spórt na peile in Éirinn. Ón mbliain 2019, tá athchóiriú leitheadach ar chúrsaí rialachais tugtha i bhfeidhm ag an gCumann de réir Mheamram Comhthuisceana (MoU) leis an Rialtas agus Spórt Éireann. Cé go bhfuil sárghnás rialachais tugtha i dtreis leis na bearta leasaithe seo maidir le heagraíocht an Chumainn féin, tá gnéithe casta agus scaipthe ag baint le héiceachóras forleathan na peile i gcónaí, le córais ionadaíochta atá an-fhairsing, le cuid mhór coistí agus le múnlaí rialachais nach dtagann go hiomlán le chéile ar fud eagrais chomhcheangailte, sraitheanna (69+) agus clubanna an ghnáthphobail (1,000+). Club Mark & League Mark na modhanna praiticiúla feidhmiúcháin a bheith ina gcrainn taca lárnacha maidir le bearta leasaithe san am atá romhainn.

Déanfaidh Bord agus Feidhmeannas an Chumainn ceannródaíocht maidir le clár leanúnach athraithe agus le feabhas leanúnach i rith ré na straitéise seo, faoi anáil chomhchaidreamh le heagraíochtaí seachtracha agus na gcaighdeán rialachais sárchleachtais. Cuideoidh páirtithe leasmhara príomhthábhachta leis an gclár oibre seo agus tá scóip a gcuid beartaíochta le haontú go mionchruinn i dtús na bliana 2026.

Faoi cheann de na coinníollacha faoin Meamram Comhthuisceana (MoU) leis an Rialtas: MoU14 – "Madhmadh Dea-rialachais", tá an Cumann tugtha dá chinntiú go gcuirtear caighdeáin rialachais i bhfeidhm go seasta leanúnach ar fud chóras na peile. Díreofar leis an obair sin:

**Ar chaighdeáin rialachais do na clubanna, sraitheanna agus eagrais ghaolmhara a leathnú agus a chur ar bhonn foirmeálta.**

**Ar bhearta cosanta agus comhlíontais a chinntiú chomh maith le follasacht breise maidir le cúrsaí airgid.**

**Ar chúrsaí traenála, acmhainní agus córais taca a fheabhsú.**

**Ar athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an mbonn céille le struchtúir ar leibhéal an ghnáthphobail agus ar leibhéal na sraitheanna, chomh maith le daingne agus fadmharthanacht na socruithe.**

## TORADH

Beidh gach gné de Spórt na Peile in Éirinn á rialú ar bhealach lena mbaineann follasacht, cuntasacht, ionchuimsitheacht agus béim ar an am atá le theacht.

*Is cuid MoU14 den Mheamram Comhthuisceana is deireanaí idir an Cumann agus an Rialtas (2024–2027). Tá MoU14le háireamh ar cheann de 16 moladh – íslíú mór i gcomórtas le 163 moladh sa chéad MoU.



Duine óg de lucht leanta Dhroichead Átha Aontaithe

# NA hÁISITHEOIRÍ

# NA HÁISITHEOIRÍ

**1. TREISIÚ LEIS NA CRAINN TACA**

- ÁISEANNA
- FORBAIRT PEILE
- SRAITH NA HÉIREANN
- FONDÚIREACHT DHOMHANDA PHEIL NA HÉIREANN
- PLEAN CHONAIR NA PEILE
- ACADAIMH SHRAITH NA HÉIREANN

**2. NUÁLAÍOCHT TRÍ NA SIOCRACHA ATHRAITHE**

**3. DEA-THORADH AR AN BPÁIRC**
AR GACH LEIBHÉAL

1 2 3

**ATHCHÓIRIÚ AR CHÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS STRUCHTÚIR**

**LE CABHAIR NA NÁISITHEOIRÍ**

- Cúrsaí Cultúir
- Cúrsaí Eagraíochta
- Gnéithe Digiteacha
- Cúrsaí Brandála agus Tráchtála





**Feighlí Faiche, Páirc na Carraige,** Mainistir Fhear Maí, Corcaigh

# CÚRSAÍ CULTÚIR

**Spreagadh, soicheall agus cosaint sa spórt don uile dhuine.**

| AN CEANN SCRÍBE | AN BEALACH CHUN CINN | NA SLATA TOMHAIS |
|---|---|---|
| Cultúr ardfheidhme agus daoine ag beartú lá i ndiaidh an lae de réir an mheon atá leagtha amach. | • Tús áite d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an lucht foirne.<br>• Cur le taithí agus dea-bhail na bhfostaithe.<br>• Straitéis Feidhmíochta agus Aitheantais a chur sa siúl. | • Ar a laghad 4 uaire a chloig foghlama in aghaidh na seachtaine ag gach fostaí.<br>• Feabhas 30% ar scóranna meanman an lucht foirne.<br>• Gradam Ionad Iontach Oibre a ghnóthú. |
| Pobal soicheallach peile trína léirítear luachanna na heagraíochta agus a chruthaíonn dea-thoradh. | • Cultúr measa agus freagrachta a thabhairt i dtreis agus beart a dhéanamh nuair nach mbíonn iompar dhaoine mar ba chóir.<br>• Bonnlíne agus spriocanna a leagan síos maidir le comhionannas, iléagsúlacht agus ionchuimsitheacht ar gach leibhéal.<br>• Peil do dhaoine faoi mhíchumas a bheith ina chuid dílis dá ndéantar.<br>• Straitéis SES 2024–2027 an Chumainn a chur i bhfeidhm.<br>• Feabhas maidir le teacht ar sheirbhísí meabhairshláinte agus folláine.<br>• Leas a bhaint as an bpeil mar mhodh le cultúr na hÉireann agus an Ghaeilge a chur chun cinn. | • Ráta coinneála réiteoirí: 1 bhliain amháin (80%) agus 3 bliana (50%).<br>• Polasaí Comhionannais, Iléagsúlachta agus Uilechuimsitheachta faoi leith ag gach club agus sraith.<br>• 40% ionadaíochta ag mná a choinneáil ar Bhord an Chumainn, i gComhthionól an Chumainn agus ar na coistí.<br>• 30% ionadaíochta ag mná a choinneáil ar Fheidhmeannas agus ar fhostaithe an Chumainn.<br>• Gradam Cré-Umha ADI Xcessible a ghnóachtáil.<br>• Astaíocht Carbóin an Chumainn a ísliú 50%.<br>• Creat meabhairshláinte agus folláine ar bun ag 80% de na clubanna agus de na sraitheanna. |
| Timpeallacht atá slán sábháilte ag an uile dhuine. Gan glacadh ar bith le haon drochíde ná mí-iompar. | • Comhlíontas a choinneáil ar bun maidir le cumhdach, coinníollacha faoin reachtaíocht san áireamh, agus bearta smachta i gcásanna neamh-chomhlíontais.<br>• Oideachas a chur ar pháirtithe leasmhara faoina bhfuil de chúram orthu maidir le cumhdach agus faoi na huirlisí atá ar fáil a chuideodh leo ina leith.<br>• Treisiú le modhanna tuairiscíochta ag gach leibhéal den spórt.<br>• Moltaí maidir le hanailís ar easnamh cumhdaigh i ndáil le daoine fásta a chur i bhfeidhm. | • Comhlíontas iomlán maidir le coinníollacha cumhdaigh a choinneáil ar bun ag gach leibhéal den spórt.<br>• Cairt an Chustaiméara i bhfeidhm ag gach sraith.<br>• Gach beart iniúchta de chuid UEFA, FIFA agus Spórt Éireann a shásamh.<br>• Gach moladh maidir le hanailís ar easnamh cumhdaigh curtha i bhfeidhm. |






**Deartháireacha agus lucht leanta LOI**
Staid Aviva,
Baile Átha Cliath



**Marie Morrison and Tony Quinn**
Oibrithe deonacha le Rógairí Shligigh

# CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTA

**Struchtúr níos stuama agus rialachas docht leanúnach a thabhairt i dtreis.**

| AN CEANN SCRÍBE | AN BEALACH CHUN CINN | NA SLATA TOMHAIS |
|---|---|---|
| Rialachas docht ó sheomra an bhoird go dtí an taobhlín. | • Leanúint leis an mbunathrú ar chúrsaí rialachais.<br>• Struchtúr a chur i bhfeidhm agus a neartú ionas gur fearr is féidir leis an gCumann na spriocanna Straitéise a thabhairt i gcrích.<br>• Oideachas a chur ar phobal na peile maidir le gnóthaí rialachais agus pleanáil straitéise.<br>• Cód Rialachais Chumann Peile na hÉireann a thabhairt isteach maidir le heagraíochtaí comhcheangailte. | • Coinníollacha uile an MoU le Spórt Éireann sásaithe.<br>• Leibhéal ISO9001 a bhaint amach agus a choinneáil.<br>• Braitheann 70% de na clubanna agus de na sraitheanna gur fearr is féidir leo imeachtaí peile a chur ar fáil agus gur mó an cúnamh a fhaigheann siad.<br>• Ráta athbhailíochta 90% maidir le Club Mark agus League Mark.<br>• Gach eagraíocht comhcheangailte ag feidhmiú de réir Chód Rialachais an Chumainn. |
| Cúrsaí airgeadais níos fearr agus níos leanúnaí. | • Bainistíocht stuama, ag teacht leis an ioncam, a dhéanamh ar an gcaiteachas.<br>• Cinntiú gur féidir an dualgas maidir le seanfhiachas a chur dínn. | • Saoráid chreidmheasa imrothlach ar a laghad €6m ag deireadh na bliana.<br>• An fiachas foriomlán íslithe go dtí €25m ar a mhéid.<br>• Sócmhainní glana a ardú go dtí €20m ar a laghad. |
| Ábhar eolais agus léargais mar bhonn le gach cinneadh. | • Oibriú i gcomhar le Ceanneagraíochtaí Rialaithe, Comhlachtaí Taighde agus forais oideachais 3ú leibhéal.<br>• Anailís easnaimh a dhéanamh ar na sonraí.<br>• Creat inmheánach a chruthú maidir le hábhar sonraí agus léargais. | • Tabhairt faoi ar a laghad dhá thogra taighde coimisiúnaithe nó comheagraithe in aghaidh na bliana.<br>• Clár eolais comhuaineach a fhorbairt maidir le réimse na peile. |



**Lucht leanta Phoblacht na hÉireann**
Staid Aviva,
Baile Átha Cliath

# AN RÉIMSE DIGITEACH

**Léargas, nuálaíocht agus dea-thionchar a spreagadh le hábhar peile atá digiteach ón tús.**

| AN CEANN SCRÍBE | AN BEALACH CHUN CINN | NA SLATA TOMHAIS |
|---|---|---|
| Pobal peile atá feidhmiúil cumasach mar gheall ar dheiseanna digiteacha agus nuálaíocht. | • Feabhas a chur ar FAI Connect ionas go dtreisítear le gnóthaí rialachais, comhliontais, ceadúnais agus clárúcháin.<br>• FAI Digital Hub a sheoladh ionas go gcuirtear acmhainní digiteacha ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad.<br>• Réimse táirgí digiteacha a thabhairt chun cinn trína gcothaítear spéis an lucht leanta. | • An córas maidir le Bainistíocht Comórtais ar FAI Connect in úsáid ag 90% de na clubanna agus de na sraitheanna.<br>• FAI Digital Hub in úsáid ag 80% de na clubanna ar a laghad.<br>• 10,000+ de shíntiúsóirí príomhleibhéil ag FAI Digital Hub.<br>• Dúbailt ar líon imreoirí Fantasy LOI. |
| Cultúr foghlamtha maidir le "digiteach ó thús" ionas go gcuirtear le hacmhainn an lucht foirne ina leith sin agus leis an spórt ar fad. | • Cur leis an acmhainn Bunathrú Digiteach a thabhairt i dtreis ar fud an Chumainn ar fad.<br>• Ardán r-fhoghlama a sheoladh do lucht an spóirt ar fad.<br>• Lón treorach ar líne a chur ar fáil do chóitseálaithe le Leabhar Beartaíochta Digiteach. | • Traenáil go bliantúil don lucht foirne ar fad maidir le cora nua sa réimse digiteach.<br>• 25k duine ag baint leasa as an ardán r-fhoghlamagach bliain.<br>• 55k duine go gníomhach ag baint leasa as Leabhar Beartaíochta Digiteach an Chumainn gach bliain. |
| Daoine agus córais atá ceangailte le chéile sa réimse digiteach ionas go dtagann feabhas maidir le déanamh cinntí agus cúrsaí éifeachtúlachta. | • Córais, próisis agus tuairiscíocht a shlánchóiriú agus a uathoibríochas a chur i bhfeidhm leo.<br>• An acmhainn anailíse maidir le cúrsaí feidhmíochta a thabhairt chun cinn, a shlánchóiriú agus a chur chun tosaigh ar gach leibhéal den spórt.<br>• Fónamh níos fearr agus níos luaithe do pháirtithe leasmhara le seirbhís den chustaiméir a mbaintear leas as AI lena aghaidh. | • Deimhniú ISO27001 gnóthaithe.<br>• Gach bogearra anailíse ar chúrsaí feidhmíochta de chuid an Chumainn slánchóirithe faoi aon ardán amháin.<br>• Réiteach ar 70% d'fhiosrúcháin ó chustaiméirí laistigh de 48 n-uaire a chloig. |

# CÚRSAÍ BRANDÁLA AGUS TRÁCHTÁLA

**Caidreamh a cheangal in athuair le pobal na peile agus ioncam a ghnóthú le hathinfheistiú sa spórt.**

| AN CEANN SCRÍBE | AN BEALACH CHUN CINN | NA SLATA TOMHAIS |
|---|---|---|
| Pobal páirtithe leasmhara a spreagtar a gcuid spéise agus a fhónann don spórt. | • A chinntiú go mbíonn tuiscint ag na páirtithe leasmhara ar chuspóirí an chumainn agus go bhfeidhmíonn siad dá réir.<br>• Tuiscint a bheith againn ar na cúiseanna le cáil an chumainn agus dul i bhfeidhm go tairbheach orthu sin.<br>• Athbhreithniú maidir le tionchar bhranda an FAI ar an gCumann.<br>• Leas a bhaint as EURO 2028 chun pobal peile na hÉireann a aontú agus mórtas náisiúnta a spreagadh. | • Scór dearfach gach mí ar an meán ar Net Promoter Score.<br>• Meánráta míosúil 2.5% maidir le haird ar na meáin shóisialta.<br>• Bonnlíne agus spriocanna a leagan síos maidir lena mbraitear agus a dtaithítear. |
| Sreabhadh ioncaim chomh maith agus is féidir ionas gur féidir athinfheistíocht a dhéanamh sa spórt. | • Comhar páirtnéireachta a chothú de réir mar a bhíonn sin ag teacht leis na cuspóirí straitéise.<br>• Oiread agus is féidir a fháil ó fhoinsí ioncaim, deontais agus cistíocht san áireamh.<br>• Cur oiread agus is féidir leis an bhforás maidir le peil na hÉireann agus leis an spéis ann.<br>• Leas a bhaint as EURO 2028 chun páirtnéireacht fhadtéarmach a chothú. | • +30% ar ioncam urraíochta.<br>• Dúbailt ar líon na bhfeachtas faoi stiúir urraithe.<br>• €500k d'ísliú ar an mbonn costais trí leas a bhaint as comhar páirtnéireachta.<br>• 20% d'ardú maidir le deontais agus cistíocht neamhsheasta a fhaightear.<br>• Líon an lucht féachana +20% MNT agus +30% WNT maidir le cúrsaí craolacháin. |
| Taitneamh dodhearmadta le baint as lá an chluiche. | • Caidreamh gach ráithe le Páirtnéireacht Lucht Leanta na Peile in Éirinn agus le fóraim an lucht leanta.<br>• Feabhas ar a dtaithíonn an lucht leanta ar lá an chluiche.<br>• Cur, trí thionscnaimh faoi leith, leis an lucht féachana ag cluichí WNT.<br>• Feabhas a chur ar a mbaineann le ballraíocht in Club Ireland.<br>• Clár dílseachta a chur i bhfeidhm don lucht leanta. | • Bonnlíne agus spriocanna a leagan síos maidir lena mbraitear agus a dtaithítear ar lá an chluiche.<br>• Líon an lucht féachana +10% MNT agus +25% WNT maidir le freastal ar chluichí.<br>• Na ticéid uile do Chluichí Ceannais Chorn an FAI d'Fhir agus do Mhná a dhíol.<br>• Dúbailt ar líon na mball in Club Ireland.<br>• Ar a laghad 25k Ticéad Séasúir a dhíol.<br>• Ar a laghad 10 gcluiche peile in aghaidh na bliana a imirt i Staid Aviva. |





**Deartháireacha agus lucht leanta Phoblacht na hÉireann**
Staid Aviva,
Baile Átha Cliath

# TÉAMAÍ LEANÚNACHA NA STRAITÉISE



**Deirfiúracha agus lucht leanta Phoblacht na hÉireann**
Staid Aviva,
Baile Átha Cliath

# PEIL NA MBAN AGUS NA GCAILÍNÍ

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith ré na straitéise roimhe seo le hardú 79% maidir le rannpháirtíocht i bPeil na mBan agus na gCailíní. Bhí cáiliú do Chorn an Domhain FIFA do Mhná 2023 ina spreagadh ag glún nua agus cruthaíodh fuinneamh dáiríre maidir leis an spórt uilig.

Ní le crann taca amháin a bhaineann Peil na mBan agus na gCailíní faoin straitéis seo. Tagann na crainn taca ar fad agus na háisitheoirí ar fad i gceist agus tá aidhmeanna soiléir so-mheasta i bhfeidhm ar fud na bhfud. Tá freagracht orthu uilig dá réir sin i ndáil leis an dul chun cinn agus sin le sonrú ar bhearta príomhthábhachta, ar ghníomhartha agus ar réimsí freagrachta mheithle éagsúla ar fud an Chumainn.

Chomh maith leis sin, leanfar de dhul chun cinn sonrach faoi Phlean Gníomhaíochta na mBan agus na gCailíní, ag cur leis an mbonnchloch dhaingean agus ag treisiú leis an gcéad chéim eile den fhorbairt.

## STAIDÉAR CÁIS: MULLACH ÍDE AONTAITHE

Is sampla Mullach Íde Aontaithe den éiceachóras peile ar a fheabhas agus cruthúnas go dtagann forás de thoradh ar spórt na peile a bheith soicheallach agus bunaithe ar riachtanais na gcailíní.

## AN MODH OIBRE

- Le cláir de leithéid "In Her Boots", "Mentoring & Coaching Skills Programme" agus cúrsaí maidir le slite chun cinn FAI do chóitseálaithe, chuir an club leis na seisiúin rialta, cóirithe don aois, a chuidigh le cailíní brath go raibh fáilte rompu.
- Thug na cóitseálaithe faoi shlite chun cinn FAI agus luaigh na tuismitheoirí gur fearr an tuiscint a bhí ag cóitseálaithe mar gheall ar chlár "In Her Boots" ar a mbíonn de dhíth ar na cailíní ó thaobh muiníne agus cumarsáide.
- Leithris atá cóiriúil do mhná agus do chailíní, teacht níos fearr ar sheomraí feistis agus comhionannas maidir le seisiúin páirce, nithe a chuir gnáthchonstaicí ar neamhní agus a chuir borradh faoi líon na n-imreoirí a coinníodh.
- Bhí cóitseáil, cuairteanna imreoirí agus eispéiris eile de chuid an chlub maidir le C.P. Shíol Broin ina spreagadh ag cailíní a mbíonn cuid mhór acu anois ag freastal ar chluichí i Sraith na hÉireann agus ar chluichí WNT.

## AN TÁBHACHT:

Tagann forás ar pheil na mBan agus na gCailíní nuair a bhíonn an cluiche spéisiúil, an timpeallacht cóirithe do chailíní, ceannairí feiceálach, an pobal páirteach ann agus na clubanna dírithe ar chomhionannas maidir le gach gné atá tábhachtach.

## TORADH NA BEARTAÍOCHTA I MULLACH ÍDE AONTAITHE

**2x líon na gcailíní a imríonn inniu seachas mar a d'imríodh sa bhliain 2022.** **270**

**+30 le líon na gcóitseálaithe atá gníomhach ón mbliain 2022.** **48**

**Áiseanna do chailíní go sonrach ionas go mbíonn an deis is fearr acu imirt.**



Mullach Íde Aontaithe

# PEIL NA MBAN AGUS NA GCAILÍNÍ

| | AN BEALACH CHUN CINN | NA SLATA TOMHAIS |
|---|---|---|
| ÁISEANNA | • Bearta cúnta a leathnú maidir le clubanna an ghnáthphobail ionas go dtugtar áiseanna chun cinn lena mbaineann ionchuimsitheacht agus áisiúlacht.<br>• A chinntiú go mbíonn gach staid feistithe sa chaoi is gur féidir freastal ar an uile dhuine den lucht leanta, ag an bhfoireann baile agus ag na cuairteoirí. | • +200 club le leithris do mhná.<br>• +150 club le háiseanna cithfholctha agus feistis atá sábháilte, príobháideach agus cóiriúil don uile dhuine. |
| FORBAIRT PEILE | • Na Pleananna Gníomhaíochta do Mhná agus do Chailíní a thabhairt i gcrích.<br>• Slí shoiléir chun cinn a chruthú don imreoir le pointí sonracha athrú leibhéil.<br>• Leas a bhaint as an tSraith Náisiúnta agus as Sraith Forbartha na mBan ar mhaithe le tástáil agus múnlú ar stuaicfhorbairt san am atá le theacht.<br>• Conair idirnáisiúnta na mban a thabhairt leis an sárchleachtas de réir UEFA. | • +30% maidir le Mná & Cailíní atá cláraithe mar imreoirí.<br>• +10 sraith lena gcuirtear slí iomlán chun cinn ar fáil d'imreoirí faoi aois ó Faoi 5 go Faoi 16.<br>• Sciar na gcóitseálaithe cáilithe mná-le-fir a ardú go dtí 10%.<br>• WNT le háireamh ar an 15 is fearr ag UEFA. |
| SRAITH NA HÉIREANN | • Plean Margaíochta agus Cumarsáide a leagan amach do Shraith na hÉireann na mBan.<br>• Tionscnaimh a leagan amach d'fhonn Sraith na hÉireann na mBan a thabhairt chun cinn.<br>• Forbairt bhreise a thabhairt ar mhodh forbartha Acadamh LOI na mBan trí aoisghrúpa níos óige a thabhairt san áireamh. | • Dúbailt ar fhigiúirí craoltóireachta Shraith na hÉireann a thabhairt i gcrích i gcás na mBan.<br>• +50% ag freastal ar chluichí i bPríomhroinn na mBan. |
| CÚRSAÍ CULTÚIR | • Bonnlíne agus spriocanna a leagan síos maidir le comhionannas, iléagsúlacht agus ionchuimsitheacht ar gach leibhéal. | • 40% ionadaíochta ag mná a choinneáil ar Bhord an Chumainn, i gComhthionól an Chumainn agus ar na coistí.<br>• 30% ionadaíochta ag mná a choinneáil ar Fheidhmeannas agus ar fhostaithe an Chumainn. |
| CÚRSAÍ BRANDÁLA AGUS TRÁCHTÁLA | • Cur, trí thionscnaimh faoi leith, leis an lucht féachana ag cluichí WNT. | • Líon an lucht féachana +25% WNT maidir le freastal ar chluichí.<br>• Na ticéid uile do Chluichí Ceannais Chorn an FAI do Mhná a dhíol.<br>• Ar a laghad 10 gcluiche peile in aghaidh na bliana a imirt i Staid Aviva. |

**GABHAIM BUÍOCHAS LE RÓGAIRÍ LEITIR CEANAINN AGUS LE HOIBRITHE DEONACHA AN CHLUB AS DEIS A THABHAIRT DO NA LEANAÍ AR FAD ATÁ FAOI MHÍCHUMAS A BHRAITH GO BHFUIL SIAD PÁIRTEACH SA SPÓRT GAN AON BHREITHIÚNAS Á THABHAIRT INA LEITH.**

**Deborah McDermott**
Tuismitheoir



**C.P. Rógairí Leitir Ceanainn**
Páirc Radharc Leac,
Co. Dhún na nGall



# COMHIONANNAS, ILÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSITHEACHT

Is de thréithe na peile gur féidir leis an spórt daoine a tharraingt le chéile. Ba cheart go mbeadh an iléagsúlacht agus meon an phobail ar a bhfreastalaítear le sonrú ar an spórt ionas go mbíonn an pheil ina chluiche soicheallach a fháiltíonn roimh an uile dhuine agus a chóiríonn dóibh.

Tuigtear go bhfuil níos mó le déanamh. Cé go bhfuil dul chun cinn tábhachtach déanta mar gheall ar an Straitéis Shóisialta agus an Straitéis maidir le Marthanacht Timpeallachta, níl gnéithe Comhionannais, Iléagsúlachta agus Ionchuimsitheachta á gcur i bhfeidhm go seasta leanúnach ar fud an spóirt go fóill. Tá tús áite go fóill le feabhsú níos mó ina leith sin.

Táthar tugtha faoin straitéis seo do threisiú le Comhionannas, Iléagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ar fud an Chumainn agus don fhorbairt, don fhónamh agus don rialachas maidir le spórt na peile a theacht faoina anáil. I rith ré na straitéise seo, beidh béim againn ar bhonnchloch níos daingne a chruthú trí:bhonnchloch níos daingne a chruthú trí:

**Leanúint den Straitéis Shóisialta agus den Straitéis maidir le Marthanacht Timpeallachta a thabhairt i gcrích.**

**Plean gníomhaíochta soiléir a leagan amach maidir leis an bpeil do dhaoine faoi mhíchumas.**

**Cumhacht a thabhairt do chlubanna Shraith na hÉireann ina bpobal féin le líonraí SES agus DAO.**

**Bonnlínte agus spriocanna a leagan síos maidir le slata tomhais ED&I ar fud spórt na peile.**

**Tabhairt faoi leatrom de gach uile chineál.**

Tiocfaidh an t-ord tábhachta maidir le bearta, iompar agus cinntí ar fud an Chumainn faoi anáil na ngealltanas seo.




**Lucht leanta Phoblacht na hÉireann,**
Staid Aviva,
Baile Átha Cliath

TÉAMAÍ LEANÚNACHA NA STRAITÉISE

# EURO 2028

Den chéad uair riamh, i rith ré feidhme na straitéise seo, beidh Éire ar cheann de chomheagarthóirí phríomhchomórtas peile na hEorpa. Tugann seo deis nach dtarlaíonn go minic a chur in iúl go bhfuil tráth an athraithe tagtha maidir le spórt na peile in Éirinn.

Tiocfaidh EURO 2028 i bhfeidhm ar gach leibhéal den spórt. Beidh toradh air a théann i bhfad níos faide ná torthaí cluichí, nuair a bheidh deis:

- **Brostú leis an dul chun cinn a theastaíonn ón bpeil in Éirinn**
- **An chúis atá le háiseanna nua-aimseartha atá cóiriúil don uile dhuine a léiriú**
- **An spleodar a bhaineann le Craobhchomórtas Peile a thabhairt go hÉirinn**
- **Infheistíocht nua a tharraingt agus an Cumann a neartú don am atá romhainn**

Cuideoidh an craobhchomórtas seo linn bonn daingean a chur faoin eagraíocht, leibhéil fiachais a ísliú, Éire a chur os comhair mhuintir an domhain mhóir, ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr na hÉireann, ar lucht leanta na hÉireann agus ar ionad na hÉireann sa spórt ar fud an domhain.

Ní chuirfidh EURO 2028 caoi mhaith ar an uile ní as a stuaim féin, ach is féidir spórt na peile in Éirinn a chur ar bhealach a leasa trí fhuinneamh, muinín agus athrú bithbhuan a chothú.

# DO RÓL FÉIN MAIDIR LEIS AN STRAITÉIS





**Dominic Hendrick agus a iníon**
Páirc an Fhionnuisce




**Paul Norton**
Réiteoir

# A BHFUIL I GCEIST DOMSA

## MAR CHÓITSEÁLAÍ...

- Slí shoiléir chun cinn i gcúrsaí cóitseála a leanúint le cúnamh foghlama agus meantóireachta.
- Leas a bhaint as deiseanna digiteacha agus as acmhainní cóitseála ar a n-éileamh.
- Oibriú i gcóras ina dtarlaíonn imreoirí a fhorbairt ar bhealach atá cuíchóirithe ar fud ghnéithe uile an spóirt.

## MAR OIBRÍ DEONACH...

- Tabharfar aitheantas don ról ríthábhachtach atá agam leis an gclubanna agus sa phobal agus seasfar liom.
- Tapóidh mé deiseanna agus treoir níos fearr trí FAI Connect.
- Tairgeofar deiseanna meantóireachta agus forbartha dom a choinneoidh ceangailte leis an spórt mé.

## MAR RÉITEOIR...

- Braithfidh mé níos mó measa agus iompar níos cóiriúla i ngach gné den spórt.
- Tapóidh mé slite soiléire chun cinn maidir le traenáil agus céim ar aghaidh.
- Beidh an cluiche a dhéanamh níos sábháilte, níos córa agus níos taitneamhaí ag an uile dhuine ina ábhar bróid agam.

## MAR FHOSTAÍ DEN CHUMANN...

- Leagfar ról faoi leith orm ionas go bhféadaim tionchar sainiúil a imirt ar an spórt.
- Cuideofar liom foghlaim agus forbairt ghairmiúil a dhéanamh ar feadh mo ré gairme.
- Saothróidh mé i dtimpeallacht thairbheach gach lá de réir an mheon a theagasctar.

## I GCÁS CLUB LOI...

- Beidh teacht ar ionaid traenála nua-aimseartha atá oiriúnach d'imirt peilesacair ar bhonn gairmiúil.
- Cuideofar le córas tréan acadaimh a thabhairt chun cinn trína gcothaítear sárchumas agus trína dtugtar dea-thoradh i gcrích.
- Oibreofar i gcomhar le páirtithe leasmhara d'fhonn múnla na linne atá romhainn den tSraith a thabhairt chun cinn.

# A BHFUIL I GCEIST DOMSA

## MAR IMREOIR GNÁTHLEIBHÉIL...

- Beidh níos mó deiseanna agam peil a imirt agus taitneamh a bhaint aisti, is cuma cá bhfuil mé i mo chónaí agus cén cumas atá ionam.
- Beidh tairbhe agam as áiseanna níos fearr, atá níos sábháilte agus níos cóiriúla don uile dhuine, agus as níos lú cluichí a bheith dá gcur ar ceal.
- Beidh mé páirteach i spórt soicheallach a chuidíonn liom teacht chun cinn i m'imreoir agus i mo dhuine.

## MAR SHÁRIMREOIR IONCHAIS...

- Beidh slí shoiléir chónasctha le leanúint chun cinn agam ó leibhéal an ghnáthphobail go dtí leibhéal sárimeartha.
- Déanfaidh mé forbairt trí chóras acadaimh nua-aimseartha anseo in Éirinn.
- Beidh lucht foirne lánaimseartha an acadaimh ag cuidiú le mo chuid forbartha, ar an bpáirc agus taobh amuigh den pháirc.
- Cóiriú do shlite maithe chun cinn maidir le hoideachas agus ré gairme taobh amuigh d'imirt peile ar bhonn gairmiúil.

## MAR IMREOIR IDIRNÁISIÚNTA...

- Déanfaidh mé traenáil in áiseanna náisiúnta atá oiriúnach don chuspóir le córas tacaíochta chomh maith agus atá ar domhan.
- Beidh na deiseanna agam gach a bhfuil ionam a thabhairt i gcrích agus iomaíocht a dhéanamh ar an leibhéal is airde.
- Spreagfaidh mé an náisiún agus an chéad ghlúin eile trí chruthú go maith ar an leibhéal idirnáisiúnta.

## MAR DHUINE DEN LUCHT LEANTA...

- Beidh taitneamh níos mó agam as lá an chluiche agus as áiseanna cuimsitheacha don lucht leanta.
- Beidh bealaí digiteacha nua agam chun ceangal leis an gclubanna agus le spórt na peile in Éirinn.
- Braithfidh mé go mbainim le pobal beo, bríomhar, aontaithe na peile in Éirinn.
- Braithfidh mé caidreamh níos dlúithe mar gheall ar chainéil dhigiteacha agus fóraim don lucht leanta.



**Brid McGinty**
Baile an Aba,
Baile Átha Cliath

# AN TATHRÚ IS FÉIDIR LEATSA A CHUR AR AN GCLUICHE

## DUL CHUN CINN

1. Straitéis 2026–2029 an Chumainn a léamh agus féachaint cé mar a chuirfeadh do chuid pleananna féin leis an mbeartaíocht.
2. Dul i ngleic le próiseas Club Mark/League Mark agus smaoineamh ar réimsí inar féidir leat feabhas a thabhairt i gcrích.
3. Tús áite a thabhairt do bheart príomhthábhachta amháin lena dtabharfaidh tú athrú i bhfeidhm i mbliana.

## DÍOCAS

1. Fónamh don chlub áitiúil trí obair dheonach a dhéanamh nó freastal ar chluichí.
2. Labhairt le d'ionadaí chuig an gComhthionól d'fhonn a chinntiú go mbíonn aird ar do thuairim.
3. Bearta a dhéanamh chun timpeallacht a chur chun cinn lena mbaineann sábháilteacht, meas agus uilechuimsitheacht.

## MUINTEARAS

1. Caidreamh a cheangal leis an gCumann maidir le tacaíocht nó meantóireacht.
2. Oibriú le scoileanna áitiúla agus clubanna, le sraitheanna, clubanna LOI agus le cineálacha eile spóirt maidir le lón eolais agus acmhainní a chur i bpáirt.
3. Smaoinigh ar an tairbhe a bhíonn ag an spórt ar fad as an ról atá leat faoi láthair agus ar an leas breise a d'fhéadfadh teacht as athrú a dhéanfása.

**IN AM AN CLUICHE A ATHRÚ**






**Gemma Bulger**
Cumann Peile Dhroichead Átha Aontaithe




**An Ungáir vs Poblacht na hÉireann**
Puskás Arena, Búdaipeist

“

# BÍ FOIGHNEACH, BÍ LEATHANAIGENTACH,

# BAIN TAITNEAMH AS PÁIRT A GHLACADH I GCRUTHÚ A BHFUIL I NDÁN.

”

**Paul Larkin**
Cathaoirleach, Cláirsigh Ráth Tó


Cumann Peile na hEireann

Spórt Éireann Campas,
Baile an Aba,
Baile Átha Cliath 15, D15 X8PD

strategyunit@fai.ie
T: +353 1 8999 500
W: www.fai.ie



Aistrithe ón mBéarla go Gaeilge ag Europus.